Tuairisc 2: Aibreán 2003 – Iúil 2003

Cúlra
Is treoirthionscadal taighde de chuid Leabharlann Contae Dhún na nGall é *Taobh Tíre – seirbhís leabharlainne níos fearr do cheantair tuaithe.* Roghnaíodh sprioc-cheantair agus múnlaí féideartha de bharr thorthaí an chéad chéime den tionscadal. Ar dtús, aithníodh trí mhúnla – TEC (ag baint úsáide as Teicneolaícht an Eolais agus na Cumarsáide); comhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta (ag obair as lámh a chéile le heagraíochtaí agus soláthraithe seirbhíse eile); agus comhpháirtíocht phobail (ag obair le coistí pobail). De réir mar a chuaigh pleananna chun cinn, tháinig sé chun soiléire gur ar scáth a chéile a mhairfeadh na múnlaí agus nach seasfaidís go hiomlán neamhspleách óna chéile. Mar sin de, cuirtear síos ar an tionscadal de réir ceantair.

www.donegallibrary.ie agus an WebOPAC (catalóg ar líne)

Cuireann an suíomh úr idirlín de chuid na leabharlainne áiseanna ar fáil 24 uair sa lá, chan amháin ar fud an chontae ach ar fud na cruinne chomh maith. Thig le baill na leabharlainne rud a roghnú ar líne agus cuirfear chuig an leabharlann is cóngaraí ar an ghréasán é. Cuirfidh Taobh Tíre leis an tseirbhís seo tríd an líon ionad rochtana agus bailithe a mhéadú ó 9 go dtí 20. Tacaíonn na hionaid seo le gach múnla agus beidh siad lonnaithe in ionaid phobail sna sprioc-cheantair. Beidh taispeántas leabhar srl in achan ionad le go bhfaigheadh an pobal blas ar a bhfuil ar fáil.

Taobh Tíre in Iardheisceart Dhún na nGall
Beidh Taobh Tíre ag obair le hÁislann Chill Charthaigh (ionad pobail lánaimseartha i gCill Charthaigh), le Seirbhís Iompair Tuaithe Teoranta (SITT: tionscnamh áitiúil iompair tuaithe) agus le monarcha áitiúil éisc. Cuirfear feabhas ar leabharlann na gCealla Beaga le go mbeidh teacht ag an phobal ar an idirlíon agus uaireanta oscailte breise, ag teacht le clár ama SITT. Cuirfidh bus an phobail seirbhís go dtí an doras ar fáil dóibh siúd atá gafa sa teach.

Taobh Tíre ar Árainn Mhór agus i dToraigh
Cuirfear seirbhís ar fáil d'Árainn Mhór (daonra 543) agus do Thoraigh (daonra 133), i gcomhar le Bord Sláinte an Iarthuaiscirt, Comharchumann Thoraí Teo agus SITT. Tá scrúdú á dhéanamh ar chórais eile seachas ISDN agus PSTN le go mbeidh an tseirbhís is iontaofa ar fáil, ag úsáid na bhforbairtí is déanaí i réimse na teicneolaíochta.

Taobh Tíre i bhFánaid agus i Ros Goill
Tá cuid mhór seandaoine ina gcónaí in áiteanna iargúlta i bhFánaid agus i Ros Goill. Beidh Ionad Acmhainne Mhíobhaí, Halla Fhán an Bhualtaigh, agus an tIonad Lae (fá choinne daoine níos sine) i bhFánaid ag obair as lámh a chéile le Taobh Tíre. Cuideoidh foireann agus aonad taistil TE an Choiste Ghairmoideachais le oiliúint ar úsáid an idirlín a chur ar fáil. Cuirfidh foireann de chuid Eolas Pobail agus de chuid na leabharlainne imeachtaí for-rochtana agus seisiúin eolais ar fáil sa cheantar.

Taobh Tíre in Oirthear Dhún na nGall
In Oirthear Dhún na nGall cuirfear béim ar dhéagóirí. Cuirfear clár le chéile, i gcomhar le hIonad Acmhainne Bhaile Suingean/An Charraigín agus Comhairle Óg Dhún na nGall. Úsáidfear teachtaireachtaí téacs mar mhodh tábhachtach cumarsáide. Beidh roinnt oibrithe Liotuánacha páirteach chomh maith. I gcomhar le Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair cuireadh iarratas ar mhaoiniú isteach fá choinne leabharlainne taistil trasteorann. Má éiríonn leis, cuirfidh an leabharlann taistil, a mbeidh an t-idirlíon ar fáil inti, seirbhís ar fáil do na ceantair chultúr-nasctha atá buailte ar a chéile ar an taobh thoir agus ar an taobh thiar den Fhinn, ó Chathair Dhoire go Leifear/An Srath Bán.

Taobh Tíre sa Ghaeltacht Láir
Tá Baile na Finne aitheanta ag Údarás na Gaeltachta mar áit as a ndéanfar freastal ar an Ghaeltacht Láir ó thaobh áiseanna tionsclaíochta, sóisialta agus cultúrtha de. Beidh Taobh Tíre ag obair le Coiste Éigse Sheáin Bháin agus le Coiste Oibre Bhaile na Finne le leabharlann tuaithe agus ionad eolais a bhunú. Beidh cnuasach leabhar ar fáil i dtaca le hÉirinn agus Meiriceá de. Beidh FÁS agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta páirteach chomh maith. Déanfar digitiú agus e-comhairliú do choistí pobail a chomhshnaidhmeadh chomh maith.

An Chéad Chéim Eile
Cuirfear isteach treallamh, agus déanfar é a scrúdú, i mí Mheán Fómhair. Tá roinnt múnlaí le críochnú go fóill, mar shampla, pointe rochtana i siopa/oifig phoist. Tá creat meastóireachta á dhréachtú le go ndéanfar monatóireacht agus meastóireacht leanúnach ar na cuspóirí. Seolfar pleananna maidir le margaíocht, poiblíocht agus forbairt léitheoirí chomh luath agus a bheas an tús-oiliúint agus an fabhtcheartú déanta. Tabharfaidh an fhoireann leabharlainne atá ann cheana féin tacaíocht do na múnlaí ina gceantair féin.

Níl sa tuairisc seo ach achoimre ghairid. Tá díograis as cuimse ann don tionscadal seo, rud a léiríonn go bhfuil glacadh go forleathan leis an ghá atá ann le deiseanna cultúrtha, oideachasúla, agus sóisialta an uile dhuine sa contae a mhéadú.

Le tuilleadh eolais a fháil amharc ar Tuairisc 1 Nollaig 2002 – Márta 2003, nó déan teagmháil le Liam Ó Rónáin, Leabharlann Contae Dhún na nGall agus Bainisteoir Rannóige, Ionad Riaracháin, Rosemount, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall.
Guthán: 074 91 21968
Ríomhphost: lronayne@donegalcoco.ie
Nó
Eibhlín Bhrugha, Comhordaitheoir an Tionscadail, Leabharlann Chontae Dhún na nGall, Aonad 7, Bóthar na Spíne, Magherennan, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall.
Guthán: 074 91 68743
Ríomhphost: eburgess@donegalcoco.ie